2025/510

17.3.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2025/510 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 17 Márta 2025**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1], agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231 [2] mar fhreagairt ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) agus ar na sáruithe gaolmhara ar chearta an duine. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha breise.

(3) An 25 Eanáir 2025, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais inar chuir sé in iúl gur cúis mhór imní dó an géarú is déanaí ar an gcoinbhleacht in oirthear PDC, ar measa fós é mar gheall ar ionsaí athnuaite a rinne grúpa armtha M23, le tacaíocht ó Fhórsaí Armtha Ruanda.

(4) Is sárú ar iomláine chríochach na tíre sin í láithreacht neamhúdaraithe Fhórsaí Armtha Ruanda i PDC agus cothaíonn sí an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an easpa slándála sa réigiún.

(5) Tá ioncaim ó eastóscadh neamhdhleathach agus gáinneáil acmhainní nádúrtha ó oirthear PDC á n-úsáid chun an fórsa armtha M23 agus a oibríochtaí, agus grúpaí eile, a chistiú, agus ar gcaoi sin tá siad á n-úsáid chun rannchuidiú le géarú na coinbhleachta.

(6) I bhfianaise thromchúis na staide in PDC, ba cheart naonúr agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj.

[2] Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/2231/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear na daoine seo a leanas le Roinn A ('Daoine'):

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '36. | Bertrand BISIMWA | Feidhm/grád: Ceannaire (Uachtarán) ar bhrainse polaitiúil "Mouvement du 23 mars" [Gluaiseacht an 23 Márta] (M23)<br>Dáta breithe: 8.9.1972<br>Áit bhreithe: Bukavu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>Náisiúntacht: Congólach<br>Inscne: fireann | Tá ról ceannasach ag Bertrand Bisimwa mar Uachtarán ar Ghluaiseacht an 23 Márta (M23), gluaiseacht armtha neamhrialtasach.<br>Coinníonn M23 an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun in PDC, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Bertrand Bisimwa le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh in PDC, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC. | 17.3.2025 |
| 37. | Ruki KARUSISI | dá ngairtear freisin Rocky<br>Feidhm/grád: Maor-Ghinearál<br>Ceannasaí ar Cheannasaíocht Fórsa Speisialta Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF)<br>Dáta breithe: 6.5.1974<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Ruandach<br>Uimhir seirbhíse RDF: 2357 | Is é an Maor-Ghinearál Ruki Karusisi ceannasaí na bhFórsaí Speisialta d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF) arna imscaradh in oirthear PDC.<br>Tá sé mar chuspóir ag RDF in PDC oibríochtaí Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in oirthear PDC, a threisiú trí thrúpaí agus ábhar a chur ar fáil.<br>Is sárú ar iomláine chríochach PDC é an RDF a bheith ar a críoch agus coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún. Tá sé freagrach freisin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear pionós comhchoiteann, agus cothaíonn sé sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag comhaltaí de M23.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach i gCeannasaíocht Fórsa Speisialta RDF atá imscartha in Oirthear PDC, tá Ruki Karusisi freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a chothú sa réigiún. Tá sé freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt d'eintitis a choinníonn an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun in PDC. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 38. | Désiré RUKOMERA | Feidhm/grád: Ceann earcaíochta agus bolscaireachta Ghluaiseacht an 23 Márta (M23)<br><br>Inscne: fireann<br><br>Náisiúntacht: Ruandach | Tá ról ceannasach ag Désiré Rukomera mar cheann earcaíochta agus bolscaireachta Ghluaiseacht an 23 Márta (M23), gluaiseacht armtha neamhrialtasach, ó Eanáir 2024 i leith.<br><br>Coinníonn M23 an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun in PDC, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Désiré Rukomera le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh in PDC, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC. | 17.3.2025 |
| 39. | John Imani NZENZE | dá ngairtear freisin Mike Bravo<br><br>Feidhm/grád: “Colonel” agus ceann faisnéise “G2” de ghrúpa armtha M23 (M23)<br><br>Dáta breithe: 6.8.1978<br><br>Áit bhreithe: Kakwende (Kivu Theas)<br><br>Inscne: fireann<br><br>Náisiúntacht: Congólach | Tá ról ceannasach ag John Imani Nzenze mar Choirnéal Ghluaiseacht an 23 Márta (M23), gluaiseacht armtha neamhrialtasach.<br><br>Coinníonn M23 an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun in PDC, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag John Imani Nzenze le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh in PDC, ar sáruithe nó mí úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 40. | Eugene NKUBITO | Feidhm/grád: Ceannasaí ar an 3ú Rannóg (Maor-Ghinearál) d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF)<br><br>Inscne: fireann<br><br>Náisiúntacht: Ruandach<br><br>Uimhir seirbhíse RDF: 218 | Tá ról ceannasach ag an Maor-Ghinearál Eugène Nkubito mar Cheannasaí ar an 3ú Rannóg d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF), arna imscaradh in oirthear PDC agus i gcúige Kivu Thuaidh go sonrach. Tá sé sa ról sin ó mhí Lúnasa 2022 i leith.<br><br>Tá sé mar chuspóir ag RDF i PDC oibríochtaí Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear PDC, a threisiú trí thrúpaí agus ábhar a chur ar fáil.<br><br>Is sárú ar iomláine chríochach PDC é RDF a bheith ar a críoch agus coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún. Tá sé freagrach freisin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear pionós comhchoiteann, agus cothaíonn sé sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag comhaltaí de M23.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach sa 3ú Rannóg de RDF atá imscartha in oirthear PDC, tá Eugène Nkubito freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a chothú sa réigiún. | 17.3.2025 |
| 41. | Pascal MUHIZI | Feidhm/grád: Ceannasaí ar an 2ú Rannóg (Briogáidire-Ghinearál) d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF)<br><br>Náisiúntacht: Ruandach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Fórsa Cosanta Ruanda (RDF); Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC)<br><br>Uimhir seirbhíse RDF: 451 | Is é Pascal Muhizi Briogáidire-Ghinearál d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF) ó mhí an Mheithimh 2021 i leith, agus is é Ceannasaí an 2ú Rannóg de RDF é, arna imscaradh in Oirthear PDC ó mhí Lúnasa 2023 i leith.<br><br>Is sárú ar iomláine chríochach PDC é RDF a bheith ar chríoch PDC agus coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún freisin, chomh maith leis na mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine agus na sáruithe tromchúiseacha a rinne comhaltaí de Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC).<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach sa 2ú Rannóg de RDF atá i láthair in PDC, tá an Briogáidireghinearál Pascal Muhizi freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 42. | Jean-Bosco NZABONIMPA MUPENZI | Feidhm/grád: Leas-Cheann roinn airgeadais agus táirgthe an M23<br><br>Áit bhreithe: Rubaya, Masisi, Kivu Thuaidh<br><br>Náisiúntacht: Congólach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC) | Is é Jean-Bosco Nzabonimpa Mupenzi Leas-Cheann Airgeadais agus Táirgthe Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC) atá ag feidhmiú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), i gcúige Kivu Thuaidh go sonrach, ó mhí Eanáir 2024 i leith.<br><br>Is grúpa armtha reibiliúnach é M23 atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine sa réigiún ar bun, mar aon leis na sáruithe agus na mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag comhaltaí de M23, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br><br>Tugann Jean-Bosco Nzabonimpa Mupenzi tacaíocht don ghrúpa armtha M23, go háirithe trí bhainistiú roinn Airgeadais agus Táirgthe M23 a áirithiú, chomh maith le páirt a ghlacadh in oiliúint earcach nua.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Jean-Bosco Nzabonimpa Mupenzi le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh in PDC, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC. | 17.3.2025 |
| 43. | Francis KAMANZI | Feidhm/grád: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de Rwanda Mines, Petroleum and Gas Board (RMB)<br><br>Náisiúntacht: Ruandach<br><br>Inscne: fireann | Tá ról ceannasach ag Francis Kamanzi mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de Rwanda Mines, Petroleum and Gas Board (RMB) ó mhí Feabhra 2024 i leith.<br><br>Leantar de mhianraí a shaothrú i limistéir mhianadóireachta atá faoi rialú Ghluaiseacht an 23 Márta (M23) agus de gháinneáil a dhéanamh orthu go Ruanda ar mhaithe le Alliance Fleuve Congo/M23 agus geilleagar Ruanda araon, áit a ndéantar na mianraí coinbhleachta sin a mheascadh le táirgeadh Ruanda.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in RMB, tá Francis Kamanzi freagrach as leas a bhaint as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine in PDC, lena n-áirítear trí shaothrú aindleathach nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 44. | Joseph MUSANGA BAHATI | dá ngairtear freisin<br>“Erasto”; “Bahati Erasto”; “Colonel Erasto”; “Colonel Bahati Musanga”<br>Feidhm/grád: Gobharnóir Kivu Thuaidh<br>Dáta breithe: 18.8.1978<br>Áit bhreithe: Bashali-Mokoto (Busumba)<br>Náisiúntacht: Congólach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Gluaiseacht an 23 Márta/Alliance Fleuve Congo (M23/AFC) | Is duine sinsearach é Joseph Bahati Musanga i struchtúr ghrúpa reibiliúnach Ghluaiseacht an 23 Márta (M23) agus laistigh de Alliance Fleuve Congo. Bhí sé ina Cheann Airgeadais ar M23 ar feadh roinnt blianta.<br>I mí Eanáir 2024, ceapadh é ina ghobharnóir ar Kivu Thuaidh mar chuid den “riarachán” neamhdhleathach nua a d’fhorchuir M23 agus ar sárú é ar cheannasacht an Chongó.<br>Is sárú ar iomláine chríochach PDC é riarachán comhthreomhar a imscaradh in PDC. Coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún freisin, chomh maith leis na mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine agus na sáruithe tromchúiseacha a rinne comhaltaí de M23.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Joseph Bahati Musanga le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh in PDCar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC. | 17.3.2025’; |

(2) Cuirtear an t-eintiteas seo a leanas le Roinn B (‘Eintitis’):

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘2. | Gasabo Gold Refinery | Áit bhunaíochta: Kigali, Ruanda | Chuir *Gasabo Gold Refinery*, atá lonnaithe in Kigali, tús lena gníomhaíochtaí scagtha an 1 Meitheamh 2022 tar éis dhúnadh *Aldango Gold Refinery*. Cuireann eastóscadh agus gáinneáil neamhdhleathach acmhainní nádúrtha ó oirthear PDC, amhail ór, le géarú na coinbhleachta. Cuireann idirthuras óir tríd an aon scaglann óir amháin i Ruanda, *Gasabo Gold Refinery*, le honnmhairiú aindleathach óir a baineadh go neamhdhleathach trí Ruanda. Dá bhrí sin, tá leas á bhaint ag *Gasabo Gold Refinery* as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine in PDC, lena n-áirítear trí shaothrú aindleathach nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha. | 17.3.2025’. |